



**Rang 1 & Rang 2**  
**SPHE**



## Fíric V Tuairim

**Inniu mhúin Múinteoir Ray dúinn, go bhfuil ceisteanna ann a bhfuil freagra amháin acu (fíric) agus ceisteanna eile nach bhfuil freagra cinnte acu (tuairim).**

Scríobh síos cé acu de na ceisteanna a leanas go bhfuil freagra acu atá ina fíric nó ina tuairim. Cuimhnigh: Ní gá duit an cheist a fhreagairt (ach déan é sin freisin más maith leat), níl le déanamh ach fíric nó tuairim a scríobh lena dtaobh.



Ceist	Fíric Nó Tuairim?
1) Cén lá a thagann i ndiaidh Dé Luain?	
2) Cé hé Uachtarán na hÉireann?	
3) Céard é an t-amhrán is fearr ar domhan?	
4) Céard a fhaigheann tú má shuimíonn tú 1 + 1?	
5) Cén cineál bia is fearr?	
6) An bhfuil madraí níos fearr ná cait?	
7) Céard é príomhchathair na hÉireann?	
8) Cé acu an láithreoir is fearr ar an Homeschool Hub?	



# Díospóireacht Draíochtúil

Seo cluiche spráúil gur féidir leat a imirt sa bhaile. Tá 2 imreoirí ar a laghad ag teastáil uait, roinnt píosaí cárta nó páipéir, agus rud éigin chun iad a choinneáil (babhla nó bosca).

- 01** Scríobh ábhair éagsúla ar chárta nó píosaí páipéir.
- 02** Cuir na cártaí sa mbosca agus pioc ceann go randamach.
- 03** Cuir 60 soicind ar an stopuaireadóir do chách.
- 04** Caithfidh gach duine a dtuairim a thabhairt faoin ábhar chomh tapa agus is féidir, ansin athschocraigh an t-am agus tugann an chéad duine eile a dtuairim faoin ábhar. Is féidir libh aontú nó easaontú faoin ábhar, ach caithfidh sibh fáthanna a thabhairt.

Seo roinnt samplaí d'ábhair a d'fhéadfá a úsáid, ach pioc aon ábhar is mian leat!

- Tá sé i bhfad níos fearr don dúlra, má fhanann daoine sa bhaile.
- Tá éidí scoile go maith.
- Níl sé tábhachtach athchúrsáil a dhéanamh.
- Ba chóir go mbeadh cosc ar obair bhaile.
- Is é an t-am is fearr den bhliain ná an Samhradh.





## Is Mise: Féinphortráid

**Maisigh imlíne an choirp seo, ag taispeáint na rudaí a thaitníonn leat fút féin agus na rudaí go bhfuil tú go maith ina mbun. Seol isteach chugainn é más mian leat!**

